Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2022
(OR. fr)

8927/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0349(COD)

CODEC 662
ENFOPOL 246
SIRIS 49
COPEN 176
SCHENGEN 48
IXIM 114

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht (**an chéad léamh**)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 10 Nollaig 2020, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 88 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim an 8 Márta 2021[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 9 Meitheamh 2021[3].

4. An 4 Bealtaine 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 13908/20 + ADD1 go ADD3.
[2] IO C 143, 23.4.2021, lgh. 6-9.
[3] IO C 341, 24.8.2021, lgh. 66-70.
[4] 8673/22.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle[5] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 8/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[5] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.